RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1217 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Iúil 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 a mhéid a bhaineann le hasbhaintí ó chuótaí iascaireachta arna leithdháileadh ar an Spáinn le haghaidh 2021, 2022 agus 2023

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 105(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In 2013, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 ([2]) lena bhforáiltear maidir le hasbhaintí ón gcuóta ronnach arna leithdháileadh ar an Spáinn in 2013 i roinn 8c ICES, i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais i 34.1.1 CECAF agus ón gcuóta ainseabhaithe i bhfolimistéar 8 ICES de dheasca ró-iascaireacht ar an gcuóta ronnach in 2009.

(2) Ní dhearna an Spáinn 3 400 tona den chuóta ábhartha ronnach a iascach in 2021, rud a fhágann gur lú an brú iascaireachta ar an stoc sin i gcomparáid leis an uasmhéid a ceadaíodh de réir na ndeiseanna iascaireachta arna leithdháileadh le haghaidh na bliana sin. D'iarr an Spáinn go gcuirfí na cainníochtaí sin nach ndearnadh a iascach san áireamh i gcomhair asbhaintí le haghaidh 2021 agus na hasbhaintí dá bhforáiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 le haghaidh na mblianta 2022 agus 2023 a laghdú dá réir. Ba cheart na cainníochtaí i gcomhair asbhaintí le haghaidh 2021, 2022 agus 2023 atá bunaithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 a oiriúnú dá réir sin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 a leasú dá réir.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear í in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 ón gCoimisiún an 5 Márta 2013 lena bhforáiltear maidir le hasbhaintí ó chuótaí áirithe iascaireachta arna leithdháileadh ar an Spáinn in 2013 agus sna blianta ina dhiaidh sin de dheasca ró-iascaireacht ar chuóta áirithe ronnach in 2009 (IO L 62, 6.3.2013, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Stoc	Cuóta tosaigh 2009	Cuóta oiriúnaithe 2009	Gabhálacha deimhnithe 2009	An difríocht idir an cuóta agus na gabhálacha (ró-iascaireacht)	Asbhaint 2013	Asbhaint 2014	Asbhaint 2015	Asbhaint 2016	Asbhaint 2017	Asbhaint 2018	Asbhaint 2019	Asbhaint 2020	Asbhaint 2021	Asbhaint 2022	Asbhaint 2023
MAC8C 3411	29 529	25 525	90 954	– 65 429	100	100	100	5 544	6 283	4 805	7 762	3 328	8 944	2 411	0
ANE08 ([1])								3 696	4 539	2 853	3 696	3 696	3 696	3 696	180

([1]) Le haghaidh ainseabhaithe, is é atá i gceist le "bliain" an séasúr iascaireachta a gcuirtear tús leis an bhliain sin.